Gaeltacht UCD

UCD Global Centre for Irish Language & Culture

# Scoil Samhraidh UCD

16-20 Meitheamh / June 2025

## International Irish Language Summer School

i gcomhar le Gaelchultúr



*www.ucd.ie/irish/ga*

*University College Dublin, Ireland*






## Cur síos ar an Scoil

Tá Tionól Gaeilge UCD dírithe ar dhaoine fásta in Éirinn agus thar lear ar spéis leo an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach. Beidh sé oiriúnach freisin do mhic léinn atá ag déanamh staidéir ar an nGaeilge nó ar an Léann Éireannach san ollscoil, in Éirinn agus i dtíortha eile.

Beidh ranganna teanga ar siúl gach lá, Luan go hAoine, ó 9.30am go 1.00pm. Déanfar na ranganna seo a thairiscint ag cúig leibhéal éagsúla agus is ar an teanga labhartha is mó a bheidh an bhéim.

Beidh léachtaí ar siúl tar éis lóin, Luan go Céadaoin, ina ndíreofar ar ghnéithe éagsúla den Ghaeilge agus den chultúr Gaelach – an béaloideas, cuir i gcás, logainmneacha na tíre, an litríocht agus an amhránaíocht. Beidh deis ag na rannpháirtithe freastal ar leagan Gaeilge nó ar leagan Béarla de gach léacht; tabharfaidh an léachtóir an chaint i dteanga amháin ar dtús, ansin, tar éis sosa, sa teanga eile.

## Clár Laethúil

**9.30am – 1.00pm**
Ranganna Gaeilge ag na cúig leibhéal seo: Bonnleibhéal 1, Bonnleibhéal 2, Meánleibhéal 1, Meánleibhéal 2, Ardleibhéal/Cruinneas

**1.00 – 2.30pm**
Lón

**2.30 – 3.20pm**
- Léacht i nGaeilge, e.g. faoi logainmneacha
- Léacht i mBéarla, e.g. ar an amhránaíocht traidisiúnta

**3.30 – 4.20pm**
- Léacht i nGaeilge, e.g. ar an amhránaíocht traidisiúnta
- Léacht i mBéarla, e.g. faoi logainmneacha

**7.00 – 8.00pm**
Imeacht Cultúrtha Dátheangach
*Samplaí:* Ceardlann damhsa; Léamh filíochta; Taispeántas scannáin agus agallamh poiblí leis an stiúrthóir

## School Description

Tionól Gaeilge UCD is aimed at adults in Ireland and abroad who are interested in the Irish language and in Irish culture. It will also suit students, both in Ireland and abroad, who are studying Irish as a subject or undertaking an Irish Studies degree.

Language classes will be held each day, Monday to Friday, from 9.30am until 1.00pm. These classes will be offered at five levels and the emphasis will be on developing the participants' spoken language skills.

Lectures will take place in the afternoon, Monday to Wednesday, in which the focus will be on various aspects of the Irish language and culture – folklore, for example, placenames, literature and the singing tradition. School participants can choose to attend an Irish language version or an English language version of each lecture; the speaker will deliver the talk in one language and then, after a short break, he/she will give the same talk in the other language.

## Daily Programme

**9.30am – 1.00pm**
Irish classes at these five levels: Beginners, Elementary, Lower Intermediate, Upper Intermediate, Advanced/Accuracy

**1.00 – 2.30pm**
Lunch

**2.30 – 3.20pm**
- Lecture in Irish, e.g. about placenames
- Lecture in English, e.g. about traditional song

**3.30 – 4.20pm**
- Lecture in Irish, e.g. about traditional song.
- Lecture in English, e.g. about placenames

**7.00 – 8.00pm**
Bilingual Cultural Event
*Examples:* Irish dance workshop; Poetry reading; Film screening and public interview with the director.



*Bí cinnte d'uirlís ceol a bhreith leat, beidh deiseanna ann seinm lena céile.*

*Remember to bring along any musical instrument you might play, there will be opportunities to play with other musical participants.*

## Céad Míle Fáilte

Tagann rannpháirtithe Scoil Samhraidh Ghaeltacht UCD ó gach aon tír, ó gach cineál cúlra agus ó gach aon aois ghrúpa. Cuirtear fáilte faoi leith roimh daoine níos aosta; athnítear go gcuireann an taithí saoil agus an taithí proifisiúnta atá acu go mór leis an Scoil agus le pobal na hOllscoile trí chéile. Is cúis cheiliúrtha dúinn é nuair a roghníonn cainteoirí agus foghlaimeoirí Gaeilge Scoil Samhraidh UCD agus nuair a bhaineann said taitneamh agus tairbhe as na cúrsai teanga, as na himeachtaí cultúrtha agus as an gcomhluadar. Táimid ag tnúth le buaileadh libh Meitheamh 2025, bígí cinnte de sin.

## A Welcome for All

Central to the success of Gaeltacht UCD's Irish Language Summer School is the diversity of its participants. In addition to the traditional student cohort, the Centre is committed to recognising and supporting older people; who's experience, both personal and professional contribute greatly to the University, socially, culturally and economically. Wherever our diaspora is, it brings great pride to Ireland, wherever Irish speakers and learners are is a source of celebration for Gaeltacht UCD. We look forward to welcoming you to UCD, to hearing your story, learning from your experience and enjoying the language together.








## Léachtaí & Plé 2.30-4.30pm, Scoil Ghnó Lochlann Uí Chuinn, UCD Belfield

Lectures & Discussion 2.30-4.30pm, Lochlann Quinn School of Business, Belfield UCD

| | **Dé Luain, 16 Meitheamh**<br>Monday, 16 June | **Dé Máirt, 17 Meitheamh**<br>Tuesday, 17 June | **Dé Céadaoin, 18 Meitheamh**<br>Wednesday, 18 June | **Déardaoin, 19 Meitheamh**<br>Thursday, 19 June |
|---|---|---|---|---|
| **Léachtaí i nGaeilge**<br>**Quinn Q007** | 2.30pm - 3.20pm<br>**Úna Ní Fhaircheallaigh agus Cultúr Gaelach na mBan**<br>*An tOllamh Comhlach Ríona Nic Chongáil,* Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD | 2.30pm - 3.20pm<br>**Ag Aistriú Shakespeare go Gaeilge**<br>*An tOllamh Comhlach Sorcha de Brún,* Scoil na Gaeilge, an Bhéarla agus na Cumarsáide, Ollscoil Luimní | 2.30pm - 3.20pm<br>**An tOireachtas: Éabhlóid Cultúrtha, 1897 – 2025**<br>*Liam Ó Maolaodha,* Iar-cheannasaí 'Oireachtas na Gaeilge' | **Siúlóid Staire ó Dhún Richmond, Páirc an Fhionnuisce go Príosún Chill Mhaighneann, 2.00pm - 3.30pm (turas i nGaeilge)**<br>**Iompar:** Bus E2 i dtreo Baile Anraí ó UCD Belfield ar a 2pm go Sráid Westmoreland, ansin bus G2 i dtreo Ionad Siopadóireachta Gleann na Life ó Burgh Quay go Camac Close.<br>Eircode Dhún Richmond - D08 YY05. |
| | 3.30pm - 4.30pm<br>**Scéal na hIomána trí Lionsa**<br>*An t-Ollamh Paul Rouse,* Scoil na Staire UCD | 3.30pm - 4.30pm<br>**Pleanáil Teanga in Éirinn & in UCD**<br>*John Prendergast,* Oifigeach Pleanála Teanga, Gaeltacht UCD | 3.30pm - 4.30pm<br>**TG4 Gach Áit – Ról TG4 i Sochaí na hÉireann**<br>*Trevor Ó Clochartaigh,* Stiúrthóir Oibríochtaí & Acmhainní Daonna TG4 | |
| **English Lectures**<br>**Quinn Q006** | 2.30pm - 3.20pm<br>**Hurling: A Photographic History**<br>*Professor Paul Rouse,* UCD School of History | 2.30pm - 3.20pm<br>**Language Planning in Ireland & in UCD**<br>*John Prendergast,* Irish Language Planning Officer, Gaeltacht UCD | 2.30pm - 3.20pm<br>**TG4 Everywhere - The Role of TG4 in Irish Society**<br>*Trevor Ó Clochartaigh,* Director of Operations & HR at TG4, Ireland's Irish Language TV Station | **Tour of the National Library of Ireland, Dawson St., Dublin 2.00pm - 2.45pm (tour in English only)**<br>**Transport:** Bus 39A towards Ongar from UCD stop 767 to Dawson Street **Leaving at 1.45pm**.<br>Eircode for NLI - D02 P638<br>**OR**<br>**Historical Walking Tour from Richmond Barracks, Phoenix Park to Kilmainham Gaol - tour starts 3.45pm (tour in English)**<br>**Transport:** Bus E2 towards Harristown leaving at 2.00pm from UCD Belfield to Westmoreland Street, then G2 towards Liffey Valley SC from Burgh Quay to Camac Close.<br>Eircode for Richmond Barracks - D08 YY05 |
| | 3.30pm - 4.30pm<br>**Agnes O'Farrelly and Gaelic Women's Culture**<br>*Associate Professor Ríona Nic Chongáil,* UCD School of Irish, Celtic Studies and Irish Folklore | 3.30pm - 4.30pm<br>**Translating Shakespeare**<br>*Associate Professor Sorcha de Brún,* School of English, Irish and Communication, University of Limerick | 3.30pm - 4.30pm<br>**An tOireachtas: The Annual Celebration of Irish Language & Culture Since 1897**<br>*Liam Ó Maolaodha,* Former Head of 'Oireachtas na Gaeilge' | |

## Ceardlanna Cultúrtha Dhátheangacha / Bilingual Cultural Workshops

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 7pm - 8pm | *Ray Mac Mánais*<br>**Siamsaíocht agus amhránaíocht /Singing and entertainment.**<br>Is saineolaithe ar aortha véarsaíochta & próis é Ray. Ray is a well known exponent of traditional Gaelic satire which is sung in verse.<br>**Tolglann Domhanda** / Global Lounge<br>Lárionad Gerard Manley Hopkins<br>Gerard Manley Hopkins Centre, UCD Belfield | *Caoimhe Ní Mhaolagáin*<br>**Ceardlann Rince / Irish Céilí Dance Class**<br>Beidh an ceoltóir & an rinceoir Caoimhe Ní Mhaolagáin linn chun damhsa céilí a theagasc. Sean Nós Dancer Caoimhe Ní Mhaolagáin will facilitate a workshop in Irish céilí dance.<br>**Tolglann O'Neill** / O'Neill Lounge<br>Thuas Staighre i dTeach Tábhairne an UCD Clubhouse / Upstairs in UCD Clubhouse Bar | **Cumann na bPíobairí Uilleann / The Uilleann Pipers' Association**<br>Beidh deis ag rannpháirtithe triail a bhaint as na píobaí uilleann iad féin.<br>This event will give participants a chance to try the pipes, an instrument considered 'the sound of Ireland' by UNESCO.<br>**Tolglann Domhanda UCD** / Global Lounge<br>UCDLárionad Gerard Manley Hopkins<br>Gerard Manley Hopkins Centre, UCD Belfield | **19:30 - 20:30** Tráth na gCeist / General Knowledge Quiz in Irish<br>**20:30 - 22:30** 'Pop Up Gaeltacht' agus ceol beo. Gathering of Irish speakers and live music.<br>**The Fleet Bar**<br>28 Sráid na Toinne, BÁC 2, D02 PW80<br>28 Fleet Street, Dublin 2, D02 PW80<br>Críochnóidh an Scoil tar éis na ranganna ag 1.00pm Dé hAoine / The summer school finishes after class at 1.00pm on Friday. |







## Maidir le Gaeltacht UCD

Ionad Domhanda UCD don Teanga agus don Chultúr is ea Gaeltacht UCD. Déanann an t-ionad freastal orthu siúd ar fad ar mian leo teagmháil a bheith acu leis an nGaeilge. Déantar é seo trí réimse tionscadal a bhunú agus a riar a chuireann an teanga chun cinn go gníomhach ar bhonn laethúil. I measc na dtionscadal sin, tá cúrsaí teanga, scéim chónaithe Ghaeilgeagus imeachtaí cultúrtha. Cuireann an t-ionad seirbhísí comhleoireachta agus aistriúcháin ar fáil chun tacú leis an reachtaíocht teanga. Cuireann an t-ionad fáilte faoi leith roimh mhic léinn agus baill foirne idirnáisiúnta, alumni agus lucht an diaspóra.

## Maidir leis an Ollscoil

Is é an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Dhomhanda na hÉireann agus áirítear é i measc an 1% de na hinstitiúidí is fearr ar domhan. Beidh Tionól Gaeilge UCD ar siúl in Belfield, príomhchampas na hOllscoile atá lonnaithe i bhfearann páirce álainn 133 heicteár ina bhfuil cosán coille 9km agus linn snámha 50 méadar. Tá sé furasta lár chathair Bhaile Átha Cliath a bhaint amach ón gcampas.

## Maidir le Gaelchultúr

Cuireann Gaelchultúr cúrsaí agus acmhainní foghlama Gaeilge ar an gcaighdeán is airde ar fáil, atá dírithe ar dhaoine fásta ar fud na cruinne a bhfuil spéis acu sa teanga. Tá sé mar sprioc ag an gcomhlacht seirbhísí den scoth a thairiscint d'fhoghlaimeoirí agus do chainteoirí líofa chun iad a spreagadh lena gcuid Gaeilge a fheabhsú agus a shaibhriú. Tá cúrsaí Gaeilge á reáchtáil ag Gaelchultúr timpeall na hÉireann agus cuireann a suíomh gréasáin ríomhfhoghlama, ranganna.com, deiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí i ngach cearn den domhan cur lena gcuid Gaeilge.

## About Gaeltacht UCD

Gaeltacht UCD is the University's Global Centre for Irish Language and Culture. The centre facilitates all those who wish to engage with the Irish language through initiating and managing a range of projects which actively promote the language on a daily basis. Its projects include language courses, an Irish language student residence scheme and cultural events. The centre also provides translation and advisory services to facilitate compliance with Irish language legislation. It has a particular warm welcome for international students and staff, alumni and diaspora.

## About the University

University College Dublin, Ireland's Global University, is currently ranked within the top 1% of institutions worldwide. Tionól Gaeilge UCD will be based in Belfield, the University's main campus which is located in a beautiful 133 hectare parkland setting with a 9km woodland walkway and a 50 metre swimming pool. The campus is within easy access of Dublin city centre.

## About Gaelchultúr

Gaelchultúr provides Irish language courses and learning resources of the highest quality, aimed at those with an interest in Irish worldwide. The company's goal is to provide first-class services that will inspire both learners and fluent speakers of Irish to improve and enrich their knowledge of the language. Gaelchultúr offers courses throughout Ireland and their e-learning website, ranganna.com, gives learners all over the world the opportunity to attain a higher standard of Irish.




## Táillí / Áirithintí

*Rogha 1* - Imeachtaí uile na scoile, gan lóistín: €330 (€310 do mhic léinn)
*Rogha 2* - Imeachtaí uile na scoile, maraon le lóistín leaba agus bricfeasta ( 5 oíche le bricfeasta i gClub na hOllscoile san áireamh): €780.00 (€760 do mhic léinn).
Ar champas Belfield UCD a chuirtear an lóistín ar fáil, ón Domhnach go dtí an Aoine. Críochníonn an scoil ag 1.00pm Dé hAoine.

Tá roghanna eile le feiceál ar www.ucd.ie/irish/ga, lascaine do Alumni UCD, do bhaill UNA Europa, Universitas 21 & Gaeil Shasana. Chun áit a chur in áirithe ar an scoil, ní mór táille iomlán a íoc roimh ré ar líne.

## Gach eolas :

Gaeltacht UCD,
Ionad Domhanda don Teanga & don Chultúr,
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Belfield, BÁC 4, Éire
Rphost: failte@ucd.ie
Fón: 00353-1-7167387

Má tá grúpa le teacht leat, déan teagmháil le Stiúrthóir Ghaeltacht UCD, Clár Ní Bhuachalla

## Fees / Bookings

*Option1* - All Tionól activities, without accommodation: €330 (€310 student rate).
*Option 2* - All Tionól activities with bed and breakfast accommodation (5 nights, Sunday to Friday including breakfast in the UCD University Club): €780.00 (€760 student rate).
Accommodation will be provided on the UCD Belfield campus from Sunday to Friday. The school finished at 1.00pm on Friday.

Additional options including reduced rates for UCD Alumni, UNA Europa, Universitas 21 & Gaeil Shasana can be viewed on the booking page www.ucd.ie/irish/en To book a place on the Tionól the entire fee must be paid in advance online.

## Further information:

Gaeltacht UCD,
UCD Global Centre for Irish Language & Culture
University College Dublin, Belfield, Dublin 4, Ireland
Email: failte@ucd.ie
Tel: 00353-1-7167387

For group bookings contact Clár Ní Bhuachalla, Gaeltacht UCD Director